C/2026/1822

20.3.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1822)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Volailles de la Champagne'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0172-AM01 — 23.12.2025

1. **Ainm an táirge**

'Volailles de la Champagne'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An t-údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC 'Volailles de la Champagne' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad;

(a) níl athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint i gceist leis;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Roinn freagrach sa Bhallstát:

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Cuireadh an roinn dar teideal ‘An roinn fhreagrach sa Bhallstát’ isteach, ar roinn í ina dtugtar mionsonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l’origine* – an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Grúpa is iarratasóir

Tuairisc

Scriosadh tagairtí do ghrúpa táirgeoirí SYNDIM. Níor coinníodh ach an tagairt don ghrúpa táirgeoirí MALVOISINE. Tugadh a shonraí poist agus teileafóin cothrom le dáta agus cuireadh ríomhphost leis.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineál an táirge

Tuairisc

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a sainíodh roimhe seo de réir a aicme, a scriosadh ón tsonraíocht.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an TGFC, déantar foráil leis an leasú maidir le táirgeadh táirge breise, is é sin cábún éanlaithe guine.

Forlíontar an roinn le tuairisc ar an bhfeinitíopa le haghaidh gach ceann de na speicis agus le tuairisc orgánaileipteach amhairc is coiteann do na speicis uile.

Cuireadh domhainreo éanlaithe clóis san áireamh i measc na modhanna margaíochta údaraithe.

Leathnaíodh an fhéidearthacht na táirgí a mhargú i bhfoirm gearrthacha chuig gach speiceas dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge. Sonraíodh a saintréithe. Féadfaidh siad teacht ó chonablaigh a bhfuil fabhtanna beaga orthu, ach ní mór na píosaí a roghnaítear critéir chur i láthair Aicme A a chomhlíonadh, agus ní mór meáchan íosta nach lú ná 90 % den mheáchan a shonraítear le haghaidh éanlaith chlóis a dhíoltar ina n-iomláine a bheith sna píosaí óna dtógtar na gearrthacha.

Chomh maith le feoil éanlaithe clóis, leathnaíodh raon feidhme na sonraíochta táirge chun scairteach a dhíoltar ar leithligh a áireamh. Is iad na gibléid lena mbaineann an t-ae, an eagaois agus an croí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

Leasaíodh an limistéar geografach chun 66 bhardas de chantúin chomharsanacha atá suite idir cantúin chomharsanacha atá mar chuid den limistéar geografach a chur leis.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir an táirge

Tuairisc

Tugadh an fhianaise inrianaitheachta cothrom le dáta agus leagadh amach í i dtábla achomair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Foroinn 5.1, 'Sicíní a shuíomh'

Rinneadh tagairt san fhoroinn seo d'fheinitíopaí gach speicis. Aithníodh tréithchineálacha agus tréithchineálacha hibrideacha mar thréithchineálacha láidre a fhásann go mall.

Foroinn 5.2, 'Beathú na héanlaithe clóis'

Tugadh liosta na gcatagóirí bunábhair cheadaithe cothrom le dáta i gcomhréir le forbairtí rialaitheacha.

Laghdaíodh íoschéatadán na ngránach (75 %) go 70 % i gcás gach éanlaithe clóis. Scriosadh an uasteorainn 5 % de shíol ráibe sa chandam beatha agus an t-eisiamh ola síl ráibe ina bhfuil níos mó ná 5 % d'aigéad éarúcach.

Soiléiríodh na cionmhaireachtaí gránach ag na céimeanna éagsúla tógála.

Scriosadh an teorainn 5 % leis an gcion saille iomlán.

Scriosadh an tagairt don fhéidearthacht gránaigh a dháileadh ar chlóis agus don toirmeasc ar dháileadh spreagthóirí fáis.

Scriosadh an fhoroinn a bhaineann le breiseáin.

Foroinn 5.3, 'Saintréithe na gcróite éanlaithe clóis'

Leagadh amach go mionsonrach saintréithe cróite éanlaithe clóis (limistéir uasta, seomraí aerdhíonacha sláintíochta) agus a leagan amach (toisí na haistí).

Sonraíodh freisin, i gcróite éanlaithe clóis, go dtógtar éanlaith chlóis ar an talamh ar easair phlandabhunaithe.

Foroinn 5.4, 'Dlúis sa chró éanlaithe clóis'

Sonraítear an fad ama idir dáta na bainte páirtí (an cleachtas maidir le coinsíneachtaí éanlaithe clóis a roinnt le linn tógála) agus an aois íosta mharaithe i gcás cábún, *poulardes* agus cábún éanlaithe guine, chomh maith leis na dlúis sa chró éanlaithe clóis roimh bhaint pháirteach.

I gcás *poulardes*, athraíodh an dlús roimh bhaint pháirteach ó 6,25 éan/m^2 go 9 n-éan/m^2.

Foroinn 5.5, 'Clóis'

Sonraíodh an oibleagáid chun faraí a shuiteáil i gcróite éanlaithe clóis.

Mar is amhlaidh i gcás cróite éanlaithe clóis, sonraíodh na hachair íosta clós in aghaidh an ainmhí agus na huasteorainneacha aoise chun rochtain a fháil ar chlós.

Tá tuairisc tugtha ar an gclós a úsáidtear chun go mbeidh na hainmhithe in ann dul amach faoin aer. Tá an chuid is mó de clúdaithe le fásra agus faoi scáth (crainn, fálta, coillearnacha). Cuireadh tábhacht na gcrann i dtábhacht leis an gceanglas go mbeadh crann amháin ag gach clós in aghaidh gach 20 m^2 den chró éanlaithe clóis, agus 20 crann ar a laghad i gceist.

Foroinn 5.6, 'Coilleadh'

Cuireadh isteach mionsonraí maidir leis an gcaoi a bhfuil an coilleadh le déanamh (an aois nuair a dhéantar é, coinníollacha chun an nós imeachta a dhéanamh).

Foroinn 5.7, ‘Gaibhniú’

Soláthraíodh mionsonraí maidir leis an gcaoi a ndéantar an gaibhniú: gaibhniú ar feadh uastréimhse 15 lá i gcás sicíní a bhfuil sé beartaithe iad a mharú agus iad os cionn 90 lá d’aois agus i gcás turcaithe Nollag, agus ar feadh tréimhse idir 2 sheachtain agus 4 seachtaine i gcás cábún agus *poulardes*, agus íoschéatadán na ngránach méadaithe go 80 % i gcás *poulardes* agus cábún).

Foroinn 5.9, ‘Branrú’

Cuireadh isteach an ceanglas maidir le branrú agus fad na branraithe sin.

Foroinn 5.10, ‘Aois mharaithe’

Laghdaíodh aois mharaithe íosta *poulardes* ó 126 lá go 120 lá. Cuireadh isteach aois mharaithe íosta na gcábún éanlaithe guine.

Foroinn 5.11, ‘Coinníollacha maidir le héanlaith chlóis a bhaint agus a iompar’

Cuireadh isteach íostréimhse aistarraingthe beatha 5 uair an chloig i gcás éanlaith chlóis roimh a mbaint as an tsaoráid bheostoic.

Cuireadh isteach an t-aga iompair idir an tsaoráid bheostoic agus an seamlas: ní fhéadfaidh sé a bheith níos faide ná 3 uair an chloig nó 100 km.

Foroinn 5.12, ‘Tréimhse feithimh roimh mharú’

Cuireadh íostréimhse feithimh 30 nóiméad isteach chun am ta thabhairt don éanlaith chlóis téarnamh tar éis í a iompar.

Foroinn 5.13, ‘Cáilíocht na feola’

Cuireadh isteach na coinníollacha maidir leis an bhfeoil a fhuarú le haer.

Is é 96 uair an chloig an uastréimhse idir marú agus gearradh.

Cuireadh téacs isteach chun a lua nach gceadaítear ach domhainreo le haer bíogach, agus tá toirmeasc ar reo.

Baineadh an mhír maidir le cur ar an margadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Gnéithe lena dtugtar údar leis an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Rinneadh na tosca lena dtugtar údar leis an nasc leis an timpeallacht gheografach a athscríobh, rud a fhágann gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh, an táirge agus an nasc cúisíoch. Níl aon athrú ar na gnéithe is bunús leis an nasc leis an timpeallacht gheografach. Tá an nasc fós bunaithe ar úsáid tréithchineálacha agus hibridí a oireann do chlóis faoin aer, ar thábhacht agus ar chlú na feirmeoireachta éanlaithe clóis sa limistéar geografach, ar na tosca daonna faoinar tháinig an fheirmeoireacht thraidisiúnta stoic chun cinn agus, chomh maith leis sin, ar shaintréithe na timpeallachta a chuidíonn le feirmeoireacht saor-raoin. Scriosadh an iliomad léaráidí agus tagairtí stairiúla.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Tá sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar fáil anois, i.e. an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta agus an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Cosc Calaoise (DGCCRF). Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Scriosadh an mhír atá ann faoi láthair agus cuireadh abairt ina hionad ina dtugtar tuairisc ar na heilimintí rialála sainordaitheacha a bhaineann go sonrach le tásca geografacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Cuirtear an roinn seo i láthair i bhfoirm tábla ina dtaispeántar na príomhítimí atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Volailles de la Champagne'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0172-AM01 — 23.12.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Volailles de la Champagne'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 –FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is éin den ord Galliformes iad 'Volailles de la Champagne'. Is le finte éagsúla iad agus áirítear leo roinnt cineálacha éin:

— sicíní, *poulardes*, cábúin;

— éanlaith ghuine agus cábúin éanlaithe guine;

— turcaithe.

Díorthaítear iad sin uile ó thréithchineálacha crua a fhásann go mall lena gcumasaítear tréimhse fhada tógála agus marú ar thairseach na haibíochta gnéasaí, lena n-áirithítear an cháilíocht táirgí is fearr.

Tógtar iad ar chlóis fhéarúla saor-raoin ina bhfuil crainn, rud atá fabhrach do chlaonadh nádúrtha na dtréithchineálacha sin chun a gclóis a thaiscéaladh, nó in éanlanna ina bhfuil faraí.

Leis na dálaí tógála sin, in éineacht le beatha atá bunaithe ar ghránaigh, is féidir 'Volailles de la Champagne' a fháil arb é is saintréith dó conablaigh tathagacha a bhfuil bia teann iontu (i gcás éanlaith chlóis amh). Bíonn filléid dhea-fhorbartha agus fosuithe saille suntasacha acu ar thaobh cliathánach na leise.

Ag brath ar an gcineál éanlaithe clóis, is iad seo a leanas saintréithe na dtáirgí críochnaithe:

	Aois mharaithe íosta	Íosmheáchan (kg)	
		Dí-innithe go páirteach	Réidh le cócaráil
Sicíní	81 lá	1,3	1
Cábúin	150 lá	2,9	2,5
Poulardes	120 lá	1,95	1,65
Éanlaith ghuine	94 lá	1,1	0,85
Cábúin éanlaithe guine	150 lá	1,8	1,4
Turcaithe	140 lá	Fireanna: 3,6 Baineanna: 2,7	Fireanna: 3,1 Baineanna: 2,3

Ní mór do na héin iomlána a bheith ina gconablaigh Aicme A.

Féadfaidh gearrthacha teacht ó chonablaigh

— d'Aicme A nó le fabhtanna beaga, ach ní mór do na píosaí roghnaithe critéir chur i láthair Aicme A a chomhlíonadh;

— nach lú a meáchan íosta ná 90 % den mheáchan a fhorordaítear i gcás éanlaith chlóis iomlán.

Cuirtear éin iomlána i láthair:

— 'réidh le cócaráil' (cluimhrithe, glanta, gan cheann, bíodh na hailt tharsacha ann nó ná bíodh), pacáistithe gan chlúdach, crapchlúdaithe, pacáistithe in atmaisféar cosanta nó folúsphacáilte;

— 'cóirithe' (cluimhrithe, glanta, agus an ceann, na crúba agus na gibléid orthu) agus pacáistithe gan chlúdach.

— Pacáistítear na gearrthacha gan chlúdach, crapchlúdaithe, pacáistithe in atmaisféar cosanta nó folúsphacáilte.

— Scairteach éanlaithe clóis (croí, eagaois agus ae) nuair a dhíoltar ina haonar í, tá sí pacáistithe gan chlúdach, i gcoimeádán docht clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó in atmaisféar cosanta.

Díoltar feoil agus scairteach 'Volailles de la Champagne' úr nó domhainreoite.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tugtar beatha do 'Volailles de la Champagne' ar beatha í ina bhfuil:

— 50 % ar a laghad de ghránaigh sa chéim thosaigh suas le 29 lá, ach amháin turcaithe ar cion 30 % ar a laghad atá ann lena n-aghaidh;

— 70 % ar a laghad de ghránaigh le haghaidh éanlaith ghuine, cábúin éanlaithe guine, sicíní agus cábúin sicín, agus 50 % le haghaidh turcaithe le linn na céime ramhraithe.

Níor cheart céatadán an táirge a dhíorthaítear ó ghránaigh a bheith níos mó ná 15 % de réir mheáchan na foirmle beatha iomláine le linn na tréimhse tógála iomláine.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn tógáil na héanlaithe clóis, i gcróite éanlaithe clóis agus ar chlóis araon, i limistéar geografach an TGFC 'Volailles de la Champagne'.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Ranna Marne (51), Aisne (02) agus Ardennes (08) ina n-iomláine, agus bardais chantúin na ranna seo a leanas:

Roinn Aube (10):

Bardais chantúin Arcis-sur-Aube, Romilly-sur-Seine agus Creney-près-Troyes, cé is moite de bhardais Mergey, Luyères, Lavau, Vailly, Saint-Benoît-sur-Seine, Sainte-Maure, Villacerf, Villechétif agus Creney-près-Troyes.

Na bardais Magnicourt, Joncreuil, Bailly-Le-Franc, Donnement, Villeret, Chavanges, Arrembécourt, Lentilles, Balignicourt, Chalette-sur-Voire, Jasseines, Saint-Léger-sous-Margerie, Braux, Aulnay, Pars-lès-Chavanges, Montmorency-Beaufort, La Saulsotte, Montpothier, Barbuise, Périgny-la-Rose, Villenauxe-la-Grande, La Villeneuve-au-Châtelot, Plessis-Barbuise, Saint-Loup-de-Buffigny, La Fosse-Corduan, Origny-le-Sec, Orvilliers-Saint-Julien, Ossey-les-Trois-Maisons, Saint-Martin-de-Bossenay.

Roinn Haute-Marne (52):

Bardais chantúin Saint-Dizier, Saint Dizier-1, Saint-Dizier-3 agus Wassy.

Bardais Magneux, Troisfontaines-la-Ville, Valleret, Sommancourt, Fays, Roches-sur-Marne, Domblain agus Chamouilley.

Roinn Meuse (55):

Bardais chantúin Ancerville, Clermont-en-Argonne, Revigny-sur-Ornain agus Stenay, cé is moite de Tronville-en-Barrois, Nant-le-Grand, Guerpont, Tannois, Silmont, Velaines, Nant-le-Petit, Maulan, Chattancourt, Fromeréville-les-Vallons, Béthincourt, Marre, Montzéville, Béthelainville.

Na bardais Longeville-en-Barrois, Savonnières-devant-Bar, Combles-en-Barrois, Trémont-sur-Saulx, Fains-Véel, Beausite, Èvres, Les Trois-Domaines, Nubécourt, Seuil-d'Argonne, Beaulieu-en-Argonne, Foucaucourt-sur-Thabas, Pretz-en-Argonne, Waly, Lavoye, Brizeaux, Ippécourt, Autrécourt-sur-Aire, Velosnes, Thonne-les-Près, Thonnelle, Thonne-le-Thil, Flassigny, Thonne-la-Long, Montmédy, Jametz, Juvigny-sur-Loison, Louppy-sur-Loison, Chauvency-le-Château, Avioth, Breux, Marville, Han-lès-Juvigny, Remoiville, Verneuil-Grand, Quincy-Landzécourt, Vigneul-sous-Montmédy, Bazeilles-sur-Othain, Iré-le-Sec, Chauvency-Saint-Hubert, Écouviez, Villécloye, Verneuil-Petit, Bar-le-Duc.

Roinn Nord (59):

Bardais chantúin Aniche, Aulnoye-Aymeries, Avesnes-sur-Helpe, Cambrai, Le Cateau-Cambrésis, Caudry, Douai, Fourmies, Maubeuges, Orchies agus Sin-le-Noble.

Roinn Oise (60):

Bardais chantúin Compiègne-1, Crépyl-en-Valois agus Noyon, cé is moite de Choisy-au-Bac, Margny-lès-Compiègne, Clairoix, Janville, Bienville, Verberie, Saint-Vaast-de-Longmont agus Carlepont.

Na bardais Croutoy, Chelles, Saint-Étienne-Roilaye, Pierrefonds, Hautefontaine, Cuise-la-Motte, Acy-en-Multien, Neufchelles, Rosoy-en-Multien, Cuvergnon, Marolles, Ormoy-Villers, Villers-Saint-Genest, Réez-Fosse-Martin, Bargny, Betz, Bouillancy, Ormoy-le-Davien, Mareuil-sur-Ourcq, Étavigny, Autheuil-en-Valois, Rouville, Boursonne, Brégy, Gondreville, Rouvres-en-Multien, Lévignen, Antilly, La Villeneuve-sous-Thury, Ivors, Boullarre, Thury-en-Valois, Varinfroy, Solente, Ognolles.

Roinn Seine-et-Marne (77):

Bardais chantúin Coulommiers agus La Ferté-sous-Jouarre, cé is moite de Boissy-le-Châtel, Hautefeuille, Coulommiers, Pézarches, Maisoncelles-en-Brie, Touquin, Chailly-en-Brie, La Celle-sur-Morin, Aulnoy, Mauperthuis, Beautheil-Saints, Giremoutiers, Saint-Augustin, Mouroux, Poincy, Trilport, Fublaines, Montceaux-lès-Meaux, Germigny-l'Évêque, Nanteuil-lès-Meaux.

Na bardais Courchamp, Sancy-lès-Provins, Melz-sur-Seine, Beauchery-Saint-Martin, Augers-en-Brie, Cerneux, Chalautre-la-Grande, Léchelle, Villiers-Saint-Georges, Saint-Martin-du-Boschet, Voulton, Rupéreux, Beton-Bazoches, Les Marêts, Courtacon, Sourdun, Louan-Villegruis-Fontaine, Champcenest agus Montceaux-lès-Provins.

Roinn Somme (80):

Bardais chantún Péronne, cé is moite de Lesbœufs, Hem-Monacu, Rancourt, Flers, Hardecourt-aux-Bois, Gueudecourt, Ginchy, Maurepas, Sailly-Saillisel, Équancourt, Combles, Herbécourt, Mesnil-en-Arrouaise, Longueval, Guillemont, Étricourt-Manancourt.

Bardais Monchy-Lagache, Villecourt, Y, Athies, Muille-Villette, Offoy, Quivières, Brouchy, Tertry, Esmery-Hallon, Douilly, Croix-Moligneaux, Ham, Eppeville, Sancourt, Ennemain, Matigny, Ugny-l'Équipée.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc le tionscnamh 'Volailles de la Champagne' bunaithe ar a chlú agus ar shaintréithe sonracha an táirge atá nasctha le saineolas na bhfeirmeoirí éanlaithe clóis.

Gnéithe sainiúla an limistéir gheografaigh

Tá an limistéar geografach suite in oirthear Abhantrach Pháras, ar shubstráit gheolaíoch Threasach dhríodrach den chuid is mó (go háirithe an Cailceach Uachtarach (cailc)). Tagann an tírdhreach chun cinn idir sraith cuaistí, scairpeanna malartacha lena ndéantar cur síos ar stuanna atá treoshuite thuaidh-theas go ginearálta agus a bhfuil cúlfhánaí ina bhfoirmítear ardchláir mhóra os a gcionn, a thrasnaíonn na haibhneacha Aisne, Marne, Aube agus Seine ón tuaisceart go dtí an deisceart. Dá bhrí sin, soláthraíonn an tír-raon suíomhanna éagsúla, ó mhánna go fánaí go hardchláir, i dtírdhreacha atá sách oscailte ina bhfuil ithreacha, topagrafaíocht agus treoshuíomhanna éagsúla a thacaigh le raon leathan cleachtas feirmeoireachta, ó fhíonsaothrú go feirmeoireacht stoic, lena n-áirítear saothrú barr curaíochta ar an talamh is torthúla agus is éasca a bhuaint ag meaisín. I gceantair atá go mór faoin tuath, is é an toradh atá air sin geilleagar talmhaíochta éagsúlaithe lena mbaineann dáileadh talún atá fabhrach go mór d'fheirmeacha móra a bheith ann ina bhfástar barra curaíochta, do líon mór feirmeacha stoic barr measctha agus d'fheirmeacha speisialaithe níos lú (gabháltais fíona).

Tá aeráid aigéanach mhodhnaithe ag an limistéar geografach agus is beag tionchar ilchríochach atá aige. Bíonn an bháisteach bhliantúil sách ard agus is saintréith di báisteach thráthrialta i rith na bliana, rud a fhágann go mbíonn leibhéil ísle gréine ann (níos lú ná 1 700 uair an chloig in aghaidh na bliana ar an meán). Bíonn na difríochtaí teochta idir an samhradh agus an geimhreadh an-suntasach (geimhrí crua agus samhraí teo a bhíonn stoirmiúil de ghnáth) lena mbaineann séasúir idirthréimhseacha shéimhe. Is cosúil nach mbíonn mórán tionchair ag an tír-raon ar na dálaí sin ar an iomlán, ach tá éagsúlacht ann ar an leibhéal áitiúil, atá bainteach go háirithe le scairp Côte d'Île-de-France. Tá an aeráid sin fabhrach go háirithe d'fhás féir ar na mánna, go háirithe i mbogaigh Champagne.

Tá limistéir thuaithe mhóra inar tearc an daonra sa limistéar geografach, atá breac le comhchathracha móra dlúthdhaonra, agus Reims sa lár, nasctha leis na príomhbhealaí cumarsáide chuig Saint-Quentin, Charleville-Mézières agus Châlons-en-Champagne ar an imeall. Cé go raibh an chóngaracht do Pháras agus go raibh na dálaí fabhracha do bharra curaíochta ar ardchláir Champagne fabhrach do ghránaigh agus do bharra curaíochta, in áiteanna nár cuireadh fíniúnacha, forbraíodh táirgeadh éanlaithe clóis ar fheirmeacha stoic barr measctha sna ceantair níos tuaithe, ag tairbhiú an tráth sin den soláthar gránach in aice láimhe, fás féir arna éascú ag na dálaí aeráide, clóis sicíní agus úsáid pórtha crua atá oiriúnaithe go maith do na geimhrí crua.

Sainiúlacht an táirge

Tagann 'Volailles de la Champagne' ó thréithchineálacha crua a fhásann go mall agus a bhfuil tréimhse fhada tógála acu ar chlóis féarúla agus choillteacha.

Mar gheall ar mhéid bhrat na saille atá acu, is féidir éanlaith chlóis a fháil ag a bhfuil conablaigh thathagacha agus feoil amh theann. Bíonn filléid dhea-fhorbartha agus fosuithe saille suntasacha acu ar thaobh cliathánach na leise.

Nasc cúisíoch

Forbraíodh táirgeadh 'Volailles de la Champagne' a bhuí le héagsúlacht na suíomhanna nádúrtha atá ar fáil ar leibhéal an limistéir gheografaigh agus na ngabháltas feirme aonair.

Tá córais feirmeoireachta chomhlántacha ceaptha ag daoine chun an úsáid is fearr a bhaint as an talamh ar fad, i.e. feirmeoireacht stoic barr measctha agus táirgeadh gránach go háirithe, agus feirmeoireacht stoic.

Trí thréithchineálacha crua a roghnú, i gcomhar le haeráid aigéanach a bhfuil tionchair ilchríochacha aici, is féidir clóis a úsáid ó cheann ceann na bliana. Fágann sé sin gur féidir leis an éanlaith chlóis an féar atá ar na clóis a ithe gan deacracht.

Forlíontar beatha, go háirithe trí bhíthin gránach, arb iad 70 % ar a laghad den bheatha le linn na céime ramhraithe.

Le rochtain ar chlós, leis an mbeatha a sholáthraítear agus leis an tréimhse fhada tógála, is féidir leis an éanlaith chlóis ramhrú go mall agus, ar an gcaoi sin, conablaigh thathagacha a fhorbairt; bíonn bia amh na héanlaithe clóis teann, agus filléid dhea-fhorbartha agus fosuithe saille suntasacha ar thaobh cliathánach na leise.

Áirithítear le gaireacht na lárionad uirbeach, a bhfuil rochtain réasúnta éasca orthu ina theannta sin, go bhfuil asraonta ann don táirgeadh sin agus chuir sí le clú na héanlaithe clóis trína léiriú in oidis.

I dteannta a chéile, saothraíonn na tosca sin cáilíocht aitheanta agus clú bainteach don táirge críochnaithe, mar is léir ó na boinn a fuarthas ag Concours Général Agricole i bPáras ó bhí 1998 ann. Is iad na boinn is déanaí a bronnadh ar an TGFC 'Volailles de la Champagne' bonn airgid don *poulet blanc* (sicín bán) agus don *poulet jaune* (sicín buí) in 2023 agus 2025 agus bonn cré-umha don *poulet jaune* in 2022.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-adb8c281-1cb3-499e-ad36-4df85dd44b9c